**Bunreacht Chumann Múinteoirí Staire Chorcaí**

**1 Ainm**

Is é **Cumann Múinteoirí Staire Chorcaí** (Cork HTA) ainm an chumainn.

**2 Cuspóirí**

Is iad cuspóirí **Chumann Múinteoirí Staire Chorcaí** ná:

2.1 Tacú le múineadh agus foghlaim na staire i gcóras oideachais na hÉireann.

2.2 Stádas na staire i scoileanna a chur chun cinn.

2.3 Cur agus cabhrú le múineadh na staire trí mheán na Gaeilge.

2.4 Fóram a sholáthar do phlé agus roinnt acmhainní i measc múinteoirí staire.

2.5 Múinteoirí a choimeád ar an eolas faoi mhodheolaíochtaí teagaisc nua staire.

2.6 Curaclaim agus measúnú a athbhreithniú go leanúnach.

**3 Structúr**

3.1 Is eagraíocht dheonach í Cumann Múinteoirí Staire Chorcaí.

3.2 Bíonn ceathrar oifigeach ag an eagraíocht: an Cathaoirleach, an Leaschathaoirleach, an Rúnaí agus an Cisteoir.

**4 Ballraíocht**

4.1 Bíonn ballraíocht ar fáil d'éinne a bhfuil suim acu nó a bhfuil baint acu le múineadh na staire.

4.2 Bíonn ballraíocht iomlán ar fáil dóibh siúd a íocann an tsuibscríbhinn bhliantúil. Bíonn lánrannpháirtíocht san eagraíocht mar chuid den suibscríbhinn seo.

4.3 Is féidir ballraíocht chomhlach shaor a bhronnadh orthu siúd a bhíonn ag staidéar le bheith ina múinteoirí staire agus do bhaill na heagraíochta a d'éirigh as an múinteoireacht. Bítear siúd le ballraíocht chomhlach shaor i dteideal fógraí faoi chruinnithe agus freastal ar chruinnithe.

4.4 Cinntear costas na suibscríbhinne ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil agus bíonn an tsuibscríbhinn le híoc ar an gcéad lá de Mheán Fómhair, gach bliain.

**5 Cruinnithe Ginearálta**

5.1 Is é Cruinniú Ginearálta na mball íoctha bord rialaithe na hEagraíochta. Bíonn

ar a laghad aon Chruinniú amháin Ginearálta ann sa bhliain ar a dtutgtar an Cruinniú Ginearálta Bliantúil.
5.2 Tionólfaidh an Cathaoirleach nó i gcás neamhláithreachais an chathaoirligh, ball eile an choiste,i gcomhairle le baill an choiste an Cruinniú Bliantúil.
5.3 Cuirfear rún don CGB i scríbhinn chuig an Rúnaí ar a laghad aon seachtain amháin roimh an gcruinniú.
5.4 Ag an CGB thoghfar ar a mhéid 8 mball chuig Coiste Chumann Múinteoirí Staire Chorcaí astu siúd i láthair.
5.5 Bíonn lánrogha ag an gCoiste beirt bhall eile a ainmniú má cheaptar gur gá.
5.6 Toghfaidh Coiste Chumann Múinteoirí Staire Chorcaí Cathaoirleach, Leaschathaoirleach, Rúnaí agus Cisteoir óna mbaill ag a céad chruinniú tar éis an CGB.
5.7 Beidh an Cathaoirleach sa phost sin go ceann dhá bhliana. Beidh an Rúnaí agus an Cisteoir sa phost sin go ceann cúig bhliana ar a uasmhéid.
5.8 Beidh an chumhacht ag an gCoiste Cruinniú Ginearálta Urghnách (CGU) a ghairm chun gnéithe speisialta ghnó a láimhseáil.

**6 Feidhmeanna Choiste Chumann Múinteoirí Staire Chorcaí**

Déanfaidh an Coiste
6.1 Gnó na hEagraíochta a riaradh.
6.2 Cuspóirí agus polasaithe na hEagraíochta a chur chun cinn trí éagsúlacht ghníomhaíochtaí agus imeachtaí.
6.3 A bheith i gcumarsáid agus i gcomhairle leis na heagraíochtaí cuí.
6.4 Corrfholúntas ar an gCoiste a líonadh.

**7 Iontaobhaithe na hEagraíochta**

7.1 Ainmneoidh an Coiste beirt iontaobhaí, nach bhfuil oifig ar bith eile acu, ar feadh tréimhse aon bhliain amháin.
7.2 Cinnteoidh na hIontaobhaithe riarachán agus iniúchadh cuí maoiniú na hEagraíochta trí bhualadh leis an gCisteoir roimh an CGB.

**8 Dualgais na nOifigeach**

8.1 Tionólfaidh an Cathaoirleach nó i gcás neamhláithreachais an chathaoirligh, ball

eile an choiste,i  gcomhairle le baill an choiste, cruinnithe an choiste.
8.2 Coimeádfaidh an Rúnaí clár bhaill na hEagraíochta. Ina theannta sin cuirfidh an Rúnaí na baill ar an eolas faoi chruinnithe, ghníomhaíochtaí agus faoi mhiontuairiscí na gcruinnithe. Láimhseálfaidh an Rúnaí gach comhfhreagras a bhaineann leis an Eagraíocht.
8.3 Gheobhaidh agus dáilfidh an Cisteoir ciste na hEagraíochta agus cuirfear tuairisc faoi mhaoiniú na hEagraíochta faoi bhráid na mball ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil.
8.4 Beidh seiceanna sínithe ag an gCisteoir agus an Cathaoirleach nó an Rúnaí in idirbheartaíocht na hEagraíochta.

**9 An Bunreacht**

9.1 Cuirfear rún maidir leis an mBunreacht a athrú i scríbhinn chuig an gCoiste ar a laghad aon seachtain amháin roimh an gCruinniú Ginearálta Bliantúil.
9.2 Is é an Cruinniú Ginearálta Bliantúil amháin a bhfuil an chumhacht aige Bunreacht na hEagraíochta a athrú. Déanfar a leithéid de chinní bunaithe ar thromlach trí cheathrú de na baill a bheith i láthair agus ag vótáil.

Daingníodh an Bunreacht seo ag CGB Chumann Múinteoirí Staire Chorcaí ar an Satharn, 17 Meán Fómhair, 2016 agus cuireadh i bhfeidhm é ag cruinniú an choiste ar an Déardaoin, 29 Meán Fómhair, 2016.